Suirbhé ar Staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn

Survey on the Irish Language in Moycullen

Conradh na Gaeilge, Maigh Cuilinn
Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo.

Conradh na Gaeilge

Suirbhé ar Staid na Gaeilge i Maigh Cuilinn

Tuarascáil ar an suirbhé a rinne Craobh Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge i gcomhar le Forbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. chun eolas a bhailiú mar chuid de phlean chun úsáid na Gaeilge a mhéadú sa pharóiste.

Cúlra

Tá Gaeilge á labhairt i Maigh Cuilinn leis na mílte bliain agus tá saibhreas ag baint leis an gceantar de bharr na teanga agus is rud é a thugann féiniúlacht faoi leith don pharóiste.

Baineann buntáistí áirithe le stádas Gaeltachta an pharóiste, don duine aonair agus don phobal trí chéile. Is fíor le rá freisin go bhfuil an-chuid tugtha ar ais ag Maigh Cuilinn don Ghaeltacht agus do chultúr na tíre trí chéile, ach go háirithe i gcúrsaí litríochta. Is fíor le rá freisin gur ceangal casta é atá idir Maigh Cuilinn agus Gaeltacht Chonamara agus neart ann a deir nár chóir dúinn a bheith sa Ghaeltacht ar chor ar bith agus nach bhfuil aon Ghaeilge i Maigh Cuilinn. Níl sé seo fíor ar ndóigh. Ní ionann Maigh Cuilinn agus Ros Muc ó thaobh úsáid na Gaeilge ach ní ionann é ach oiread le áiteanna lasmuigh den Ghaeltacht.

Tá ceantair fós i Maigh Cuilinn ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt gan sos leis na mílte bliain. Tá clanna á dtógáil le Gaeilge agus tá líon mór daoine a labhraíonn an teanga go rialta. An orthu atá an lucht nach bhfuil polasaí stáit ann maidir le cúrsaí pleanála agus forbartha teanga?

Chun cur ar ár gcumas plean forbartha teanga a ullmhú bheartaigh Cr. Mhaigh Cuilinn de Chonradh na Gaeilge, i gcomhar le Cumann Forbartha Mhaigh Cuilinn, suirbhé a dhéanamh ar staid na Gaeilge sa pharóiste.

Survey on the Irish Language in Moycullen

Report on the survey conducted by Conradh na Gaeilge in conjunction with MCDA to collect information as part of a plan to increase the use of the Irish language in Moycullen.

Background

Irish has been spoken in Moycullen for thousands of years and the area has been greatly enriched by the language and it has given a distinct identity to the parish. Certain advantages accrue due to being in the Gaeltacht, both personal and community advantages. Moycullen has made its own contribution to the Gaeltacht and indeed the culture of the country in general particularly true in terms of literature. It is also true that the relationship between Moycullen and the Connemara Gaeltacht is a complicated one. Many would claim that the area should not be in the Gaeltacht at all and that there is no Irish spoken in the parish. This, however, is untrue. While Moycullen could not be compared to Ros Muc in terms of use of the language, neither can it be compared to areas outside the Gaeltacht.

There are still parts of Moycullen where Irish is the daily language as it has been without disruption for thousands of years. Families are being reared through Irish and there is a large number of people who use Irish on a daily basis. Is it their fault that the state does not have a policy for language planning and promotion?

To enable the preparation of a language plan for Maigh Cuilinn, the Maigh Cuilinn branch of Conradh na Gaeilge and MCDA carried out this survey on the position of the Irish language in the parish.

Cur Chuige

Scaipeadh ceistneoirí ar gach teach i bparóiste Mhaigh Cuilinn le linn mhí Eanáir – Márta 2007 agus bailíodh na ceistneoirí ina dhiaidh sin. Ansin rinneadh torthaí na gceistneoirí a ionchur i mbunachar sonraí chun anailís a dhéanamh orthu.

Gearrthuairisc

Bailíodh ceistneoirí ar ais ó 572 teach mar chuid den staidéar seo le 1,907 duine ar fad san áireamh sna ceistneoirí. Ó thaobh úsáid na Gaeilge, is é an toradh is suntasaí nó go ndeir 22.38% go labhraíonn siad Gaeilge sa bhaile ar bhonn laethúil. Go deimhin nuair a fhágann tú na daoine nár fhreagair an cheist seo as an áireamh ardaíonn an figiúr seo go dtí 25.4%. Léirítear bá láidir leis an teanga, fiú i measc daoine gan Ghaeilge agus daoine atá i ndiaidh bogadh isteach sa pharóiste. Arís, ag cur daoine nár fhreagair an cheist as an áireamh, tá 92% den phobal ag iarraidh go mbeadh stádas Gaeltachta ag Maigh Cuilinn. Léirítear an bá seo freisin maidir le úsáid na Gaeilge i gcomharthaíocht agus ainmneacha eastáit 'srl. Is díol suntais é freisin an líon daoine atá i bhfabhar oideachais trí Ghaeilge.

Tá eolas luachmhar bailithe i dtaobh patrúin úsáide na teanga agus freisin maidir le tuairimí an phobail i dtaobh cur chun cinn na teanga agus na réimsí gníomhaíochta atá á lorg acu. Chun tosaigh anseo tá imeachtaí óige, an Ghaeilge sa chóras oideachais, úsáid na Gaeilge i siopaí agus gnónna agus ócáidí chun deis a thabhairt do dhaoine an Ghaeilge a úsáid.

Léirítear freisin na hathruithe atá ag tarlú sa pharóiste agus an gá gníomhú ar bhonn práinneach muna bhfuil an pobal láidir Gaeilge atá sa pharóiste le bheith báite de réir mar atá an daonra ag fás as éadan.

Methodology

Questionnaires were distributed to all houses in the parish during January-March 2007 and were duly collected. The returns were inputted into a database to allow them to be analysed.

Executive Summary

Questionnaires were returned from 572 houses encompassing 1,907 people in total. In terms of language usage the most striking feature is that 22.38% of respondents speak Irish on a daily basis in their homes. Indeed when the people who did not reply to this question are excluded the figure rises to 25.4%. There is a strong affinity for the language evident in the survey, including people with little fluency in the language and people who have recently moved into the area. Again, when the people who did not respond to the question are excluded, 92% want Moycullen to retain it's Gaeltacht status. This affinity is evident also from the support for Irish language signage, housing estate names etc. The level of support for Irish language education is also significant.

Valuable information is also collected regarding language use patterns and also public opinion regarding the promotion of the language and the areas in which movement and activities are required. Chief among those are youth orientated activities, the teaching of Irish in schools, language use in shops and business, and events to provide people with the chance to speak Irish.

The study also tracks the changes that are happening in the parish and the need for immediate radical activity if the strong Gaeltacht community is not to be drowned in the ongoing population explosion.

An Chéad Chéim Eile

Caithfear plean Forbartha Gaeilge a ullmhú do Mhaigh Cuilinn anois láithreach. Tá todhchaí Ghaeltacht Mhaigh Cuilinn ag brath orainn féin mar phobal ar ndóigh, ach caithfear tacaíocht stáit a chur ar fáil chun an pobal a chumasú. Is díol suntais é an easpa tacaíochta don Ghaeilge i Maigh Cuilinn óna háisíneachtaí stáit le freagracht na Gaeilge. Tá cur chun cinn na Gaeilge i Maigh Cuilinn go dtí seo ag brath go príomha ar an earnáil dheonach. Caithfear maoiniú a chur ar fáil anois chun foireann lánaimseartha a fhostú le plean Gaeilge a fheidhmiú agus freisin chun na háiseanna eile atá ag teastáil a chur ar fáil.

Buíochas

Is mian linn buíochas a ghabháil le gach duine a ghlac páirt sa suirbhé agus go háirithe iad siúd a chuir an stró orthu féin moltaí agus tuairimí faoi leith a nochtadh. Beidh aird á tabhairt orthu seo ar fad. Is mian linn freisin buíochas a ghabháil le baill Chonradh na Gaeilge Mhaigh Cuilinn agus Baill Fhorbairt Pobail Mhaigh Cuilinn Teo. a rinne na ceistneoirí a dháileadh agus a bhailiú. Freisin tá buíochas ag dul do Niamh Mackin agus Helena Pidgeon san Oifig Phobail.

Cuirfidh Conradh na Gaeilge fáilte roimh aon duine gur mian leis a bheith páirteach in imeachtaí trí Ghaeilge nó atá ag iarraidh aon ghné de cheist na Gaeilge a phlé linn. Is féidir teagmháil a dhéanamh le:

Next Step

An action plan for the Irish language in Moycullen must be prepared immediately. While the future of the Moycullen Gaeltacht depends on the people of Moycullen, assistance must be provided to empower the community. To date the support for the Irish language in Moycullen from the state agencies with responsibility for the language has been practically non existent. The promotion of the language in Moycullen has depended predominantly on the voluntary sector. Funding must now be provided to enable the employment of permanent staff to implement an Irish language plan and also to provide the other resources necessary.

Thanks

We would like to thank everybody who took part in the survey and in particular the people who took the trouble to give their opinions and make suggestions. They will all be taken into consideration. We also wish to thank the members of Conradh na Gaeilge and MCDA who distributed and collected the questionnaires. We would also like to thank Niamh Mackin and Helena Pidgeon in the Community Office for their help.

Conradh na Gaeilge will welcome anyone who wishes to become involved with Irish language activities or who wishes to discuss any question relating to the language in Maigh Cuilinn. You can contact:

Áine Uí Fhatharta, Cathaoirleach 086 3804122
Peadar Mac Fhlannchadha, Rúnaí 087 4188050

LÍON CEISTNEOIRÍ A LÍONADH 572
NUMBER OF QUESTIONNAIRES RETURNED

Cé mhéad duine atá ina chónaí sa teach?
How many people are living in your house?

Líon daoine sa teach	1	2	3	4	5	6	7	8	9	Gan Freagra
Number in house										*No Answer*
	73	113	103	143	83	35	11	2	1	8
Móriomlán Total	1,907									

Líofacht ar scála 0 go 5? (5=Líofa go hiomlán)
Fluency level on a scale of 0 to 5? (5 = full fluency)

Líofacht	0	1	2	3	4	5	Gan Freagra
Fluency							*No Answer*
	18.82%	15.25%	18.14%	20.82%	8.6%	13.74%	4.6%

Cá bhfuair tú do chuid Gaeilge?
Where did you acquire Irish?

Baile	Scoil	Ranganna	Eile	Gan Freagra
Home	*School*	*Classes*	*Other*	*No Answer*
26.92%	59.1%	3.14%	2.97%	7.86%

Cé chomh minic is a chloiseann tú Gaeilge á labhairt i gceantar Mhaigh Cuilinn?
How often do you hear Irish being spoken in Moycullen?

Laethúil	Seachtainiúil	Annamh	Riamh	Gan Freagra
Daily	*Weekly*	*Seldom*	*Never*	*No Answer*
15.03%	20.28%	48.95%	12.59%	3.15%

An dteastaíonn uait go bhfanfadh Maigh Cuilinn sa Ghaeltacht?
Do you wish that Moycullen stays in the Gaeltacht?

Teastaíonn	Ní Theastaíonn	Cuma Liom	Gan Freagra
Yes	*No*	*Indifferent*	*No Answer*
87.24%	4.55%	2.97%	5.24%

Cé chomh minic is a bhaineann tú féin nó do theaghlach úsáid as an nGaeilge?
How often do you or your family use Irish?

	Laethúil *Daily*	Seachtainiúil *Weekly*	Annamh *Seldom*	Riamh *Never*	Gan Freagra *No Answer*
Baile /*Home*	22.38%	12.76%	28.15%	24.82%	11.89%
Obair /*Work*	14.86%	8.57%	14.86%	27.45%	34.26%
Cairde /*Friends*	8.92%	9.44%	19.76%	29.37%	32.51%
Aifreann /*Mass*	3.67%	10.84%	23.95%	23.95%	37.59%
Spórt /*Sport*	2.62%	7.52%	10.84%	37.06%	41.96%
Siopaí /*Shops*	4.55%	4.9%	15.38%	35.49%	39.68%
Cruinnithe / *Meetings*	2.62%	6.64%	15.21%	33.74%	41.79%
Eile /*Other*	4.02%	3.5%	5.94%	17.31%	69.23%

Ar mhaith leat go mbeadh ainmneacha Gaeilge ar?
Would you like the use of Irish names on?

	Ba mhaith *Yes*	Níor mhaith *No*	Cuma Liom *Indifferent*	Gan Freagra *No Answer*
Eastáit Tithíochta / *Housing Estates*	77.63%	11.36%	1.57%	9.44%
Siopaí/Gnónna / *Shops/Businesses*	72.38%	15.56%	1.92%	10.14%
Forbraíochtaí Nua / *New Developments*	76.22%	12.76%	1.92%	9.1%

An dtabharfá tacaíocht d'oideachas trí Ghaeilge ag gach leibhéal i Maigh Cuilinn?
Would you support education through Irish at all levels in Moycullen?

Thabharfainn	Ní Thabharfainn	Cuma Liom	Gan Freagra
Yes	*No*	*Indifferent*	*No Answer*
60.49%	28.32%	.7%	10.49%

Más mian leat do chuid Gaeilge a fheabhsú nó Gaeilge a fhoghlaim, sonraigh an leibhéal
If you wish to learn or improve your Irish please indicate the required level

Tosaitheoir	Bunúsach	Feabhsóir	Comhrá	Ardleibhéal	Gan Freagra
Beginner	*Basic*	*Improver*	*Conversational*	*Higher Level*	*No Answer*
9.27%	8.39%	12.59%	25.52%	8.92%	35.31%

Cad iad na himeachtaí a cheapann tú a chuirfeadh le dul chun cinn na Gaeilge i Maigh Cuilinn?
What activities would be of benefit to the promotion of the Irish language in the Maigh Cuilinn area?

Roghnaigh na himeachtaí is tábhachtaí: 5 = Tábhachtach 1 = Ní chomh tábhachtach
Choose in order of priority: *5= Very Important* *1 = Less Important*

	1	2	3	4	5	Gan Freagra *No Answer*
Ranganna Gaeilge do dhaoine fásta / *Irish Classes for Adults*	4.90%	3.85%	16.78%	15.03%	40.91%	18.53%
Imeachtaí Óige trí Ghaeilge / *Irish language youth activities*	4.55%	4.37%	13.64%	22.2%	36.19%	19.05%
Ócáidí Sóisialta / *Social Events*	6.29%	8.22%	23.78%	19.06%	19.58%	23.08%
Grúpa Comhrá Gaeilge / *Irish Language Conversation Group*	4.55%	6.12%	18.53%	15.38%	27.97%	27.45%
Gach eagraíocht & cumann i Maigh Cuilinn ag úsáid na Gaeilge / *All organisations & groups in Moycullen using the Irish language*	15.73%	13.11%	19.41%	9.97%	15.38%	26.4%
Imeachtaí Cultúrtha / *Cultural Activities*	7.17%	8.39%	22.73%	16.43%	23.25%	22.05%
Seirbhísí Eaglasta / *Religious Services*	15.56%	13.64%	21.68%	12.76%	12.41%	23.95%

Aon imeachtaí eile a d'fhéadfaí eagrú sa cheantar chun cabhrú le dul chun cinn agus buanú na Gaeilge?

Rinneadh na céadta moladh agus tá siad ar fad le feiceáil ar www.maighcuilinn.net.
Seo achomair den réimse gníomhaíochtaí a bhí molta.

Tacaíocht do pháistí réamhscoile

Feabhsú ar mhúineadh na Gaeilge sna bunscoileanna

Bunú meánscoile lánGhaeilge

Imeachtaí tacaíochta do pháistí scoile

Club óige le réimse leathan imeachtaí do dhéagóirí

Ranganna Gaeilge ag gach leibhéal

Grúpa comhrá

Cumann drámaíochta

Comharthaí Gaeilge sna siopaí

Scéim chun labhairt na Gaeilge a chur chun cinn sna siopaí agus gnónna

Lárionad Gaeilge sa sráidbhaile

Réimse leathan imeachtaí trí Ghaeilge do dhaoine fásta

Ardú feasachta agus eolais faoin nGaeilge i Maigh Cuilinn

Paidreacha an Aifrinn as Gaeilge

Úsáid na Gaeilge le linn traenáil daoine óga sna cumainn spóirt

Any other activities that would help develop and sustain the Irish language in the area?

Hundreds of suggestions were proposed and they can all be seen on www.maighcuilinn.net.
The following is a summery of the range of suggestions.

Support for preschool children

Improvement of teaching of Irish in primary schools

Setting up of second level school through Irish

Support activities for schoolchildren

Club with wide ranging activities for teenagers

Irish classes at every level

Conversation group

Drama group

Irish signage in shops and business's

Scheme to promote the use of Irish in shops and business's

Irish language centre in the village

Wide range of events through Irish for adults

Awareness raising and information on the Irish language in Moycullen

Prayers in Irish at masses

Use of Irish when coaching youth sporting activities

An bhfuil aon tuairimí eile agat mar gheall ar an nGaeilge sa cheantar? **Cuireadh na céadta tuairim chun cinn agus tá siad ar fad le feiceáil ar www.maighcuilinn.net. Seo achomair den réimse tuairimí a bhí i gceist.**	***Do you have any other opinions regarding the Irish language in the area?*** ***Hundreds of opinions were forwarded and they can all be seen on www.maighcuilinn.net. The following is a summery of the range of opinions.***
Ba chóir í a choinneáil beo	*Should be kept alive*
Ba chóir do na bunscoileanna múineadh trí Ghaeilge	*All National Schools should teach through Irish*
Caithfear daoine a mhealladh seachas an teanga a bhrú orthu	*People have to be encouraged rather than having the language forced on them*
Ba chóir do dhaoine an méid Gaeilge atá acu a úsáid	*People should use whatever Irish they have*
Caithfear fáilte a chur roimh dhaoine chuig imeachtaí, cuma pé leibhéal líofachta atá ag daoine	*People need to be welcome to participate in activities irrespective of their level of fluency*
Ní labhartar an Ghaeilge sách minic sa sráidbhaile	*Irish is not spoken often enough in the village*
Cén fáth nach bhfuil Aifreann trí Ghaeilge sa pharóiste?	*Why is there not an Irish mass in the parish?*
Ní Éireannaigh muid ach tacaíonn muid le cur chun cinn na Gaeilge mar chuid thábhachtach den fhéiniúlacht áitiúil	*We are not Irish but we support strongly the promotion of local language as a crucial element of local identity*
Ba chóir béim a chur ar an nGaeilge sa chóras pleanála	*Emphasis should be placed on Irish in the planning system*
Gá le gníomh mar go bhfuil an Ghaeilge go mór i mbaol i Maigh Cuilinn	*Need for action as the language is in danger of dying*
Ba chóir go mbeadh sé mar rogha ag an duine féin	*It should be a personal choice*
An t-aon seans nó tosú leis an dream óg	*The only chance is to start with the youth*
Tá stair shaibhir Ghaeilge sa pharóiste agus ba cheart chuile iarracht a dhéanamh an Ghaeilge a chaomhnú	*Moycullen has a rich Irish language heritage and every effort should be made to promote the language*
Cruthaigh feasacht faoin stádas Gaeltachta	*Create awareness of Gaeltacht status*
An iomarca béime ar dheontais, gan mórán cainte ar chultúr nó grá don teanga	*Too much emphasis on grants with little regard for culture or love of the language*